COMHAD FÍRICÍ:
DRÁMAÍOCHT GCSE
Comhpháirt 1

Rewarding Learning

Ag ceapadh

Comhpháirt 1: Taibhiú Ceaptha

Torthaí Foghlama:

Cruthaigh agus forbair smaointe do thaibhiú ceaptha:

- trí obair a dhéanamh le daoine eile le spreagthach a roghnú is fearr atá ag freastal ar riachtanais agus ar nádúr an ghrúpa;
- trí úsáid a bhaint as faisnéis óna dtaighde (lena n-áirítear stíl agus seánra, cleachtas gairmiúil agus saothar na gcleachtóirí amharclannaíochta);
- trí chur leis an toradh fhoriomlán ina nduine is ina nduine; agus
- tríd an taibhiú cheaptha nó an coincheap deartha a chur i gcrích lena mheasúnú.

A saothar féin agus saothar daoine eile a anailísiú agus a luacháil:

- trí mhachnamh a dhéanamh ar an phróiseas a bhaineann leis an taibhiú a cheapadh trí imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar spreagthach réamheisiúna;
- trí mhachnamh a dhéanamh ar thionchair ó thaighde, lena n-áirítear cleachtas gairmiúil agus saothar an chleachtóra amharclannaíochta, maidir leis an taibhiú cheaptha a phleanáil agus a chur i láthair;
- trí mhachnamh a dhéanamh ar an phróiseas de bheith ag obair le daoine eile leis an taibhiú cheaptha a chur le chéile agus a chur i láthair nó a dhearadh; agus
- trí mheasúnú a dhéanamh ar a bhféinbhainistiú agus ar an méid a rinne siad ar son thoradh an taibhithe cheaptha.

Comhpháirt 1 Taibhiú Ceaptha

- Ní mór duit bheith ag obair i ngrúpa a bhfuil idir beirt agus seisear ann. Ba chóir go mbeadh beirt aisteoirí ar a laghad i ngach grúpa.
- Ní thig le níos mó ná duine amháin i ngach grúpa ról deartha ar leith a ghlacadh (Seit, Soilsiú, Fuaim nó Feisteas).
- Ba chóir go mairfeadh an taibhiú 10 nóiméad ar a laghad do ghrúpaí beaga agus 30 nóiméad ar a mhéad do ghrúpaí níos mó.

Cad é an rud é ceapadh?

Is é is ceapadh ann, píosa oibre nua a chruthú don stáitse. Cruthaítear gach dráma tríd an phróiseas cheaptha. Ceapann drámadóirí a gcuid smaointe féin agus cruthaíonn script dráma le léamh agus le léiriú don stáitse. In amanna, bíonn drámadóirí bunaithe i gcónaitheacht le compántas amharclannaíochta agus bíonn siad ag comhoibriú agus ag obair le chéile le píosa amharclannaíochta a chruthú. Tosaíonn gach

ceapadh le leathanach bán páipéir nó le spás folamh agus faoi dheireadh an phróisis ceaptha agus an chleachtaidh, tá píosa drámaíochta cruthaithe.

Tosaíonn ceapadh nuair a fhreagraíonn duine nó grúpa ar spreagthach. Aithnítear gurb é an spreagthach an tús áite don ghrúpa, an áit a ngintear smaointe, an áit a dtosaítear ar phlota agus ar charachtar a fhorbairt agus an áit a roghnaítear stíl agus seánra.

"Níl aon fhoirmle ann don dóigh a ndéanann muid amharclannaíocht … Tosaíonn sé le tochas, le riachtanas, le hinstinn … Amharcann muid ar leabhair agus ar scannáin, déanann muid sceitseanna agus tosaíonn muid ar choincheap a fhoirmiú; timpeallacht inar féidir leis an scéal bheith beo, ina dtig leis na haisteoirí súgradh. Tá brí agus insint sa tsaol fhisiceach seo, tá sé chomh maith mar uirlis scéalaíochta is atá an focal scríofa." (Emma Rice, Stiúrthóir Ealaíne, *Shakespeare's Globe*).

Ábhar Réamheisiúna

Eisítear ábhar spreagthach réamheisiúna i Mí na Samhna den chéad bhliain staidéir. Roghnaíonn iarratasóirí ceann amháin de thrí spreagthach bunaithe ar na rudaí seo:

- Téama;
- Tionchair Liteartha; nó
- Tionchair Ealaíne.

Is féidir le hiarratasóirí stór smaointe atá acu cheana féin a tarraingíodh ó litríocht agus ó scripteanna dráma a úsáid seachas na téacsanna dualgais agus iad ag forbairt a gcuid smaointe. Agus sin ráite, an chuid is mó den ábhar a roghnaíonn siad dá dtaibhiú, ní mór gurb é a saothar féin é.

Ceisteanna Tábhachtacha

- Cé acu spreagthach a roghnóidh muid ó na spreagthaigh réamheisiúna?
- Cad é faoi a mbeidh an píosa ceaptha?
- Cé acu stíl a mbeidh sé curtha i láthair inti?

10 gCéim le Dráma a Cheapadh

(1) Scileanna a Thógáil agus Conair Thaibhithe nó Dheartha a Roghnú;

(2) Spreagthach a roghnú ón ábhar réamheisiúna agus an taighde a chomhlánú;

(3) Socraigh aidhmeanna agus cuspóirí;

(4) Stíl agus Seánra a Roghnú;

(5) Struchtúr a Fhorbairt;

(6) Fiosrú praiticiúil a thosú trí thobchumadóireacht agus tástáil a dhéanamh sa chleachtadh;

(7) Ról agus carachtar a fhorbairt trí smaointe cleachtaidh;

(8) An Taibhiú a Mhínchóireáil;

(9) An Taibhiú a Chleachtadh;

(10) An Taibhiú.

(1) (a) Scileanna a Thógáil

Agus tú ag ceapadh do chuid oibre féin, ní chaithfidh tú do scileanna a mheaitseáil a thuilleadh do riachtanais téacs, ach beidh ort go fóill machnamh a dhéanamh ar riachtanais na stíle roghnaithe agus smaoineamh an bhfuil na scileanna riachtanacha agat leis na riachtanais sin a chomhlíonadh. Cibé stíl amharclannaíochta a roghnaíonn tú, mar nádúrachas, drámaíocht faisnéise nó amharclannaíocht chorpartha, beidh ort na ceisteanna seo a chur ort féin:

Ceisteanna Tábhachtacha do Dhaltaí

- **Cad iad na riachtanais thaibhithe/deartha a bhaineann leis an stíl a roghnaíodh?**
- **Cad iad na scileanna aisteoireachta/deartha atá de dhíth?**
- **Cad iad na scileanna taibhithe fisiceacha agus gluaiseacht-bhunaithe atá de dhíth?**
- **An bhfuil aon scileanna amharclannaíochta speisialaithe ann, m.sh. canadh, damhsa, mímeáil, obair mhasc agus puipéadóireacht?**
- **An bhfuil na scileanna agus acmhainní atá de dhíth agat le suíomh/éadaí/soilsiú/dearadh fuaime a fháil atá ag teacht leis an stíl a roghnaíodh?**

Gníomhaíochtaí Teagaisc

- Déan réimse cluichí le do dhaltaí a spreagadh le bheith ag obair le chéile go héifeachtach mar bhaill d'fhoireann.
- Imir réimse cluichí tobchumadóireachta agus scéalaíochta. Spreagfaidh seo daltaí le smaoineamh ar an toirt agus le hobair phraiticiúil a úsáid le smaointe a ghiniúint.
- Iarr ar dhaltaí píosa gearr tobchumadóireachta a chruthú. Iarr ar dhaltaí seo a chleachtadh go dtí go bhfuil na línte ar eolas acu.
- Tabhair buneolas do na daltaí faoi réimse stíleanna taibhithe agus sainaithin gnéithe tábhachtacha gach ceann acu.
- Iarr ar dhaltaí a dtobchumadóireachtaí ceaptha a thaibhiú i ngach ceann de na stíleanna roghnaithe atá ullmhaithe acu sa cheacht.
- Nasc cleachtóirí amharclannaíochta le gach ceann de na stíleanna agus pléigh a gcuid teoiricí agus cleachtaí.

Cluichí Neartaithe Foirne

Ainm an Chluiche	Cur síos
Rudaí 20 Soicind	Scarann an múinteoir na daltaí ina ngrúpaí de 4-5. Scairteann an múinteoir ainm ruda nó áite. Tugtar 20 soicind do na daltaí oibriú le chéile mar fhoireann leis an rud sin a chruthú, nó rud a bheadh le fáil san áit sin. Moltar do dhaltaí úsáid a bhaint as leibhéil agus fanacht reoite nuair atá an t-am istigh. Spreagann an cluiche seo tobsmaoineamh agus tógáil foirne.
Fathaigh, Ridirí agus Draoithe	Scarann an múinteoir an rang ina dhá ghrúpa. Seasann daltaí i líne dhíreach ag cinn urchomhaireacha an tseomra agus tugann siad aghaidh ar a chéile. Míníonn an múinteoir go gcaithfidh gach grúpa a roghnú cé acu iad, Fathach, Ridire nó Draoi. Is é an riail go mbuaileann Fathaigh Ridirí, go mbuaileann Ridirí Draoithe, ach go mbuaileann Draoithe Fathaigh. Tá fuaim agus aicsean ag gach ceann de na carachtair. Ba chóir don mhúinteoir an eiseamláir a shamhaltú don rang agus iad a spreagadh le haithris a dhéanamh. **Fathaigh** – Doirn a dhruidim agus a gcosa a bhualadh ar an talamh. **Ridirí** – tugann siad seáp chun tosaigh agus cruthaíonn siad claíomh lena lámha. **Draoithe** – cuireann siad an dá lámh amach rompu mar a bheadh siad ag iarraidh duine nó rud a chur faoi dhraíocht. Bronntar pointí i ndiaidh gach babhta. Moltar do dhaltaí éisteacht lena gcairde ar an fhoireann chéanna agus a chinntiú go nglacann siad leis an ról chéanna. Spreagann an cluiche seo scileanna éisteacha agus comhoibriú.
Beachóga Crónánacha	Déanann an rang uilig crónán thart ar an tseomra mar a bheadh beachóga iontu. Scairteann an múinteoir litir amach, m.sh. An Litir B. Tá 10 soicind ag an rang le rud a dhéanamh ansin. Ansin, téann tú thart ar an tseomra ag fiafraí de gach duine cé hiad. Má tá dúbailtí ann, tá na cinn dhúbailte amuigh! Thig leat leanúint leat ag carnadh an chluiche suas agus scar na daltaí ina bpéirí agus ina ngrúpaí 'beachóga crónánacha'.
Péirí Muiníne	Scar an grúpa ina bpéirí. Iarr ar na péirí cinneadh a dhéanamh cé a ghlacfaidh ról A agus cé a ghlacfaidh ról B. Is é aidhm an chluiche ná go dtreoraíonn A B thart ar an tseomra. Caithfidh B a shúile a choinneáil druidte an t-am ar fad. Thig leo a súile a oscailt má mhothaíonn siad nach bhfuil siad sábháilte, ach ba chóir dóibh a súile a choinneáil druidte. Caithfidh A a lámh a chur amach roimhe agus caithfidh B a lámh a chur ar bharr láimhe A. Mínigh gur chóir d'A iarracht a dhéanamh B a choinneáil sábháilte an t-am ar fad. Ba chóir an cluiche a imirt gan fhuaim, chomh fada agus is féidir. Ní mór duit do shúile a choinneáil ar gach péire agus a bheith réidh le stop a rá má tá duine éigin i gcontúirt. I ndiaidh d'A B a threorú thart timpeall an tseomra ar feadh 1 nóiméad, thig leo malartú agus thig le B A a threorú. Ba chóir go dtógfadh an cleachtadh seo muinín, NÍ eagla agus imní. Is féidir leat plé a dhéanamh i ndiaidh an chleachta seo faoin rud atá de dhíth le muinín a chur i nduine.
Rialú Aerthrách ta	I ndiaidh an chluiche muiníne, scaipeann gach duine de na páirtnéirí thart ar an tseomra. Lig do gach péire a pháirtnéir a threorú thart ar an tseomra agus dul i dtaithí ar ghuth a pháirtnéara. Lipéadaigh na páirtnéirí A agus B. Mínigh go gcaithfidh A fanacht ar imeall an tseomra ina shuíomh baile agus cuirfear ar B bogadh thart ar an tseomra ag éisteacht le treoraíocht a pháirtnéara. Níor chóir ach na treoracha seo amháin a úsáid – ar aghaidh, siar, ar dheis agus ar chlé. Éireoidh seo dúshlánach nuair a chuireann níos mó ná péire amháin a 'eitleán'/páirtnéir thart ar an tseomra. Ní mór do phéirí 'tiúnáil isteach' agus éisteacht go cúramach lena chéile.

(1) (b) Roghnaigh conair (Taibhiú nó Dearadh)

Comhlánaigh iniúchadh scileanna ar láidreachtaí agus ar laigí an ghrúpa. Mol do na daltaí a phlé an bhfuil spéis acu i gconair an taibhithe nó i gconair an deartha. Tarraing ar eispéiris an dalta taobh istigh den scoil agus taobh amuigh den scoil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus léiriúcháin scoile.

Gníomhaíocht Foghlama

Iarr ar na daltaí iniúchadh scileanna a chomhlánú, ag measúnú a scileanna agus a n-eispéiris taobh istigh de chonairí an taibhithe agus an deartha.

(2) Roghnaigh spreagthach ón ábhar réamheisiúna agus comhlánaigh an taighde

Eisítear ábhar spreagthach réamheisiúna i Mí na Samhna den chéad bhliain staidéir. Caithfidh iarrthóirí spreagthach a roghnú ó liosta a bhfuil na rudaí seo ann:

(1) Téama
(2) Tionchair Liteartha
(3) Tionchair Ealaíne

Cé nár chóir ach spreagthach amháin a roghnú in aghaidh an ghrúpa, tá sé den tábhacht go dtugtar deis do dhaltaí gach spreagthach a fhiosrú, freagairtí tosaigh a nótáil, agus taighde a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt don ghrúpa.

Le cois an spreagthaigh réamheisiúna, ba chóir a mholadh do dhaltaí scripteanna nó ábhair spreagthach eile a fhiosrú agus iad ag cruthú an dráma cheaptha. Seo scripteanna agus spreagthaigh eile:

Spreagthach Téacs D'fhéadfaí an téacs roghnaithe a leabú taobh istigh de script an dráma cheaptha nó d'fhéadfaí é a úsáid le cuidiú le próiseas aistrithe an phíosa.	Script, úrscéal, gearrscéal, dán, amhrán, liricí, litir, iontráil dialainne, focail, ábhar fíriciúil, beathaisnéis, nuachtáin, suíomhanna gréasáin, leabhar do pháistí, cuntais ó dhaoine a ndéachaigh rudaí áirithe i bhfeidhm orthu (polaitíocht, mí-úsáid, foréigean, cogadh, ciníochas srl.) eachtraí stairiúla agus amlínte.
Spreagthach Amhairc D'fhéadfadh na híomhánna físiúla gnéithe de dhearadh a fhoirmiú lena n-áirítear seit, éadaí, fuaim, ilmheáin agus soilsiú agus d'fhéadfadh siad cuidiú le trasdulta sa phíosa.	Grianghraif, grianghfaif de dhaoine mór le rá ón stair, pictiúir phéinteáilte, gearrscannáin, cláir faisnéise, suiteálacha agus beochaintí.
Spreathach Cluas D'fhéadfadh na fuaimeanna a roghnaíodh gnéithe de dhearadh a fhoirmiú, lena n-áirítear fuaim agus ilmheáin agus cuidiú le trasdulta sa phíosa.	Píosa ceoil (le liricí nó le huirlisí), fuaimdhreach, taifeadadh nó agallamh.

Ceisteanna Tábhachtacha

- **Cad é an spreagthach a roghnóidh na daltaí ón ábhar réamheisiúna?**
- **Cé acu scripteanna nó ábhar spreagthach a thiocfadh liom cur ar fáil nó moladh do mo dhaltaí amharc orthu?**

Gníomhaíocht Foghlama

- Tabhair na hábhair réamheisiúna dóibh lena bplé.
- Cóirigh an seomra ranga i gcruth eangaí le 6 bhosca inti. Beidh an t-ábhar spreagtha le fáil i ngach ceann de na boscaí, agus beidh leatháin do fhreagairt ar spreagthaigh thosaigh le fáil in aguisín 1, 2 agus 3. Ba chóir 5 nóiméad a thabhairt do dhaltaí le caitheamh ar gach cuid den eangach. Fanfaidh an leathán do fhreagairt ar spreagthach i ngach roinn den eangach agus cuirfear leis de réir mar a bhogann daltaí thart ar an tseomra. Le linn an ama seo, iarrfar ar dhaltaí nótaí a dhéanamh ar a smaointe agus a mothúcháin nó na tráchtanna atá acu mar fhreagairt ar gach spreagthach.

(1) Éisteacht le ceol agus liricí	(2) Léamh faoi thionchair ealaíne	(3) Amharc ar íomhánna atá ag baint leis an téama
(1) Amharc ar shaothair ealaíne agus íomhánna	(2) Léamh faoi thionchair liteartha	(3) Amharc ar íomhánna atá ag baint leis an téama

- I ndiaidh dóibh cleachtadh na heangaí a chomhlánú, ba chóir iarrthóirí a thabhairt le chéile leis na smaointe a gineadh ó leatháin na freagartha tosaigh a phlé.
- Ba chóir iarraidh ar dhaltaí ansin leathán do fhreagairt ar spreagthach atá curtha ar fáil in aguisín 1-3 a chomhlánú agus ba chóir taighde neamhspleách a chomhlánú. Ba chóir moladh do dhaltaí ansin an fhaisnéis tosaigh seo a chur i láthair don ghrúpa.
- Lig don rang scaradh ina ngrúpaí agus na hábhair agus an taighde breise a rinneadh a phlé; ba chóir do na grúpaí a smaointe comhcheaptha a nótáil ar an léarscáil intinne ceaptha atá curtha ar fáil in aguisín 4.
- Spreag daltaí le taighde dá gcuid féin a chomhlánú ag úsáid réimse d'acmhainní ar líne agus as líne.
- Do gach spreagthach sonraithe san ábhar réamheisiúna, faigh píosa téacs, ábhar físeach nó spreagthach fuaime atá nasctha go dlúth agus a dtiocfadh leis cuid den dráma cheaptha a fhoirmiú.

(3) Aidhmeanna agus cuspóirí a shocrú

Ceisteanna Tábhachtacha do Dhaltaí

- **Cad é do smaointe tosaigh ar an dóigh le do smaointe a fhorbairt ón spreagthach réamheisiúna?**
- **Cad é an fhreagairt atá tú ag iarraidh a fháil ón lucht féachana? Cad é ba mhaith leat go ndéanfadh an lucht féachana – gáire, caoineadh, smaoineamh, mothú míchompordach? Ar mhaith leat iad a choinneáil ar bís, uafás a chur orthu, léann a chur orthu, nó ar mhaith leat dhá cheann de na héifeachtaí seo nó níos mó a chur i gcrích?**

Torthaí Foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí (deartha) ábalta:

- **Coincheap deartha a fhorbairt don taibhiú cheaptha.**

Ba chóir go mbeadh plé leis an ghrúpa mar thúsphointe le do choincheap deartha a chruthú. Ba chóir go léireodh do choincheap deartha go soiléir cuspóir foriomlán an tsaothair cheaptha agus ba chóir go nglacfadh sé san áireamh an seánra agus an stíl roghnaithe agus an tionchar a bheas ann ar an spriocphobal. Tá imlíne thíos ar fhorléargas ar an chuma a bheadh air seo, bunaithe ar spreagthach samplach théama an ama. Ba chóir teideal an tsaothair chleachta agus an spreagthaigh a roghnaíodh a chur isteach fosta. Cuirtear proforma don choincheap deartha ar fáil in aguisín 9.

Coincheap Samplach don Taibhiú Ceaptha
Aguisín 9 – Coincheap Dearadh Soilsithe Samplach
Spreagthach Roghnaithe – Téama an Ama

Tá ár saothar ceaptha tarraingthe ó théama an ama a tógadh ón ábhar spreagthach réamheisiúna. Amharcann muid fosta ar Fhógraí Sláinte Phoiblí, 'Mind Your Head' agus íomhánna ó 'Inside Out' de chuid Disney Pixar. Le chéile, rinne muid an cinneadh gur chóir don phíosa againn amharc ar éifeacht na droch-mheabhairshláinte i ndaoine óga agus an dóigh a dtig le do smaointe agus mothúcháin inmheánacha a chealú a bheith contúirteach. Ba mhaith linn seo a dhéanamh trí shraith de spléachadh siar ar stair an charachtair. Anseo, d'fhoghlaim muid an dóigh ar streachail carachtair le cuimhní deacra agus d'fhiosraigh muid an tionchar a bheadh aige seo ar a gcuid mothúchán. Cé go raibh muid ag iarraidh go mbeadh an t-aicsean agus cuid de na carachtair inchreidte, Bhí muid ag iarraidh go mbeadh an seit agus an stáitsiú teoranta le ligean do na haisteoirí a gcoirp a úsáid mar phríomh-mheán cumarsáide, agus leis an trasdul idir radharcanna a bheith mín, gan fadhbanna. Beidh gnéithe den dáiríreacht agus den ghreann tríd síos.

Stíl/Seánra Roghnaithe – Réalachas le roinnt gnéithe den Amharclannaíocht Chorpartha

Shocraigh muid gur mhaith linn 'Mothúcháin agus Cuimhní' a chur i láthair i stíl an réalachais le roinnt gnéithe den amharclannaíocht chorpartha. Ba mhaith linn go mbeadh aird an lucht féachana dírithe ar na haisteoirí agus ní ar dhearadh casta. Shocraigh muid trí phíosa rostraim a úsáid a bheadh tógtha le boscaí a léiriú. Beidh na haisteoirí a imríonn róil Bróin, Áthais agus Feirge i bhfolach taobh thiar de gach bosca. Bhí muid ag iarraidh go mbeadh na trí phíosa rostraim mar fhócas don lucht féachana i radharc tosaigh an dráma. Bhí muid ag iarraidh gné den iontas a thógáil don lucht féachana agus na haisteoirí a cheilt sa dorchadas taobh thiar de na boscaí.

Riachtanais Thaibhithe

Tá 6 aisteoir inár ngrúpa agus beidh ar gach ceann acu roinnt ról a dhéanamh le réimse carachtar a chur in iúl don lucht féachana. Shocraigh muid ár n-aisteoirí a ghléasadh i ndubh ionas nach mbainfeadh éadaí ilchasta a n-aird díobh. Gach ceann de na mothúcháin – Fearg, Áthas, Brón, Eagla agus Dóchas, caitheann siad t-léinte le mothúcháin a gcarachtar a aibhsiú a thuilleadh.

An tionchar ar an lucht féachana

Tríd an taibhiú s'againn, ba mhaith linn go mbeadh an lucht féachana ag smaoineamh faoin fháth a bhfuil sé tábhachtach labhairt faoi na rudaí a smaoiníonn agus a mhothaíonn tú. Ba mhaith linn go bhfeicfeadh an lucht féachana an dóigh a dtig le heagla, fearg agus brón smacht a fháil orainn. Bhí muid ag iarraidh go bhfeicfeadh an lucht féachana go dtig linn na rudaí a tharla a chur dínn agus bheith níos dóchasaí agus níos síochánta amach anseo. Ba mhaith linn an lucht féachana a bheith gafa go gníomhach san eispéireas amharclannaíochta ionas go mbeidh ar ár spriocphobal de dhaltaí EC3 smaoineamh ar dhearcthaí difriúla ionas go mbeidh siad ag smaoineamh ar dhóigh eolasach faoina meabhairshláinte féin.

Gníomhaíocht Foghlama

Ba chóir do dhaltaí obair mar ghrúpa le coincheap ceaptha a chomhlánú. Is féidir Aguisín 9 a úsáid le tacú le hobair na ndaltaí.

(4) Roghnaigh Stíl agus Seánra

Cé nach bhfuil aon teorainn le rogha na stíle nó an tseánra, ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go ligeann an stíl do gach dalta rochtain iomlán a bheith aige ar na critéir marcála do chomhpháirt 1.

Ón phointe seo ar aghaidh, ba chóir do dhaltaí socrú ar phlota, ar charachtar, ar stíl agus ar sheánra.

Comhthéacs, stíl agus seánra

An comhthéacs do script, baineann sé leis na fíricí nó na tosca a bhaineann le dráma. Is den tábhacht go ndéanfadh an stiúrthóir, na haisteoirí agus na dearthóirí taighde ar an chomhthéacs agus go dtuigfeadh siad é. Is an stiúrthóir, a dhearthóirí agus an fhoireann aisteoirí a chruthaíonn stíl amharclannaíochta agus iad ag obair le chéile leis an téacs a chur i láthair ar dhóigh ar leith agus le heispéireas an lucht féachana a mhúnlú dá réir. Go ginearálta, sainmhínítear an comhthéacs i dtéarmaí chúlra sóisialta, cultúrtha agus stairiúil an dráma.

Comhthéacs Sóisialta

Tá an comhthéacs sóisialta nasctha le tréimhse ama an dráma agus go ginearálta, sainmhíníonn sé na carachtair mar bhaill den lucht oibre, den mheánaicme nó den uasaicme. Tionchair sheachtracha a imrítear ar shaol an dráma, tá siadsan mar chuid den chomhthéacs shóisialta fosta, agus thig leo tosca a chuimsiú ar nós cogaidh, gorta, ceisteanna sóisialta agus tionchar na dteicneolaíochtaí nua nó tosca maireachtála san am.

Comhthéacs Cultúrtha

Is é is comhthéacs cultúrtha ann, an dóigh a dtig le luachanna agus dearcthaí na linne agus bunús eitneach na gcarachtar dul i bhfeidhm ar na rudaí a dhéanann siad. B'fhéidir go gcuimseodh sé fosta bunús eitneach an charachtair agus an tionchar a d'imreodh sin ar an dóigh a labhraíonn siad agus ar na rudaí a dhéanann siad.

Comhthéacs Stairiúil

Is é an comhthéacs stairiúil, an cúlra atá ag an tréimhse ama ina bhfuil an taibhiú ceaptha lonnaithe. Tá sé ag tagairt don rud atá ag tarlú, i dtéarmaí mheon polaitiúil na linne, meon agus dearcthaí ginearálta an phobail, chomh maith le heachtraí a tharlaíonn sa stair ag an am.

Stíl

Is féidir stíl a shainmhíniú mar an dóigh a ndéantar an saothar ceaptha a thaibhiú agus a chur in iúl don lucht féachana agus is féidir leis idéanna a chuimsiú ar nós áibhéil, úsáid na socrachta, fuinneamh ard agus léiriú coirp *(physicalisation)*. Is féidir stíl a shainmhíniú fosta trí thagairt a dhéanamh do chleachtóirí agus a saothar, mar shampla, Berthold Brecht, Constantine Stanislavski agus Stephen Berkoff. Is féidir tagairt a dhéanamh fosta do stíl na gcompántas amharclannaíochta. Is sampla maith de seo an obair stílithe a úsáideann an compántas áitiúil Bruiser. Seo liosta de roinnt stíleanna féideartha taibhithe:

- coiméide (Greann)
- traigéide
- méaldráma
- fronsa
- commedia dell'Arte
- nádúrachas
- réalachas
- eispriseanachas
- siombalachas
- amharclannaíocht eipiciúil
- amharclannaíocht pholaitiúil/fheimineach
- amharclannaíocht na cruálachta
- oiriúnú cruthaitheach (de scéalta nó de dhánta aitheanta)
- dráma faisnéis
- amharclannaíocht fíoragallamh
- amharclannaíocht chorpartha

Is féidir stíl a aithint trí:

- an t-inneachar
- an t-ábhar
- téamaí
- cur chuige an stiúrthóra
- stíl na haisteoireachta
- úsáid gnéithe ar leith den léiriú m.sh. soilsiú, fuaim, seit, feisteas, ilmheáin

Seánra

Tá an focal seánra ag tagairt do chatagóir nó cineál na hamharclannaíochta. Is iad an dá chineál is sine ná greann (coiméide) agus traigéide. Seánra eile ná an Nádúrachas, a thagann ó shaothair na ndrámadóirí a bhí i réim go mall sa 19ú haois; scríobhadh na drámaí seo mar fhrithfhreagairt do sheánra míréadúil an Mhéaldráma. Tá treocht san amharclannaíocht faoi láthair i dtreo cur chuige Neamhnádúraíoch agus is féidir sin a fheiceáil i ndrámaí ar nós *'The Thirty Nine Steps'* agus *'The Curious Incident of the Dog in the Night-Time.'*

Gníomhaíocht Foghlama

Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas don taibhiú cheaptha:

- comhthéacs sóisialta, cultúrtha agus stairiúil an dráma cheaptha;
- stíl agus seánra an dráma cheaptha;
- an dóigh a rachaidh an comhthéacs, stíl agus seánra i bhfeidhm ar do thaibhiú.

Ceisteanna Tábhachtacha do Dhaltaí

- **Cad é an stíl a mbainfear úsáid as lena chur i láthair?**
- **Cad é an fhreagairt atá sibh ag iarraidh a fháil ón lucht féachana?**
- **An bhfuil bhur stíl ag teacht leis an fhreagairt atá sibh ag iarraidh a mhealladh ón lucht féachana?**

Gníomhaíocht Foghlama

- Déan taighde ar réimse stíleanna amharclannaíochta;
- Déan taighde ar chleachtóirí amharclannaíochta nasctha leis na stíleanna difriúla amharclannaíochta, m.sh. Stanislavski, Brecht, Berkoff.

(5) Struchtúr a Fhorbairt

- Thiocfadh leis an struchtúr na hinsintí seo a leanúint:
  - **insint chlasaiceach; nó**
  - **insint eipeasóideach.**
- Tá an próiseas d'obair a struchtúrú nasctha go dlúth le seánra, stíl agus foirm a roghnú. Mar a bhíonn amhlaidh leis an fhiosrú, is fearr do ghrúpaí bheith ina seasamh agus ag bogadh thart ar an spás Drámaíochta in áit bheith ina suí ag plé rudaí agus ag smaoineamh barraíocht ar rudaí a d'oibreodh nó nach n-oibreodh.
- Spreag grúpaí le hábhar a thaispeáint agus a fháil amach an dóigh ar féidir le nóiméad amháin tionchar a imirt ar nóiméad eile agus iad buailte taobh le taobh i dtaibhiú.
- Is iad na bunphrionsabail a dtiocfadh leo bheith ag baint le gach struchtúr ná:
- **radharc tosaigh láidir a gcuirfidh an lucht féachana spéis ann;**
- **forbairt mhionchruinn ar charachtair, ar théamaí agus ar smaointe;**
- **deireadh láidir cumhachtach a tharraingíonn an dráma go léir le chéile agus a théann i bhfeidhm ar an lucht féachana.**

An cur chuige atá ag *Complicité* (compántas amharclannaíochta is fearr aithne orthu as a léiriúcháin cheaptha), ná saothar a thaifeadadh taobh istigh den chleachtadh agus ansin ag filleadh ar ábhar taifeadtaí agus nótaí agus ag scríobh gach nóiméad a chruthaítear ar nóta beag greamach. Is leor achoimre abairte agus tagairt do shuíomh an taifeadta nó nótaí. Ansin leagann siad na cártaí amach go fisiceach i seicheamh, agus leagtar cuid de na cártaí taobh le taobh lena léiriú go gcuirfear dhá nóiméad le chéile in eachtra amháin. Thiocfadh leis na daoine uilig sa ghrúpa iad seo a dhéanamh agus ansin thiocfaí na leaganacha difriúla den ábhar a thástáil i dtaibhithe. Níor chóir smaointe ar bith a chur as an áireamh gan turgnaimh. Is féidir leis an ghrúpa socrú a dhéanamh ar sheicheamh deiridh atá ullamh le cleachtadh a dhéanamh air. Má choinnítear fianaise grianghrafadóireachta agus físeáin, chomh maith le nótaí den eispéireas, rachaidh sin chun tairbhe d'fhorbairt loga na ndaltaí.

"Mhúscail sé mé ar a ceathair a chlog ar maidin agus ní dheachaigh mé ar ais a chodladh … Tá mé ag smaoineamh: 'Is tubaiste é seo! Níl a fhios agam cad chuige a bhfuil mé a dhéanamh seo!" Tá mo bhainisteoir stáitse a rá: 'Níl ach 10 lá le dul againn – cá huair a bheas script againn?" Tá eagla mo chraicinn orm. Is beag nach n-éireoidh an script i mo bhéal agus na soilse ag ardú – mar a bheadh píosa snagcheoil ann." Simon McBurney Stiúrthóir, Complicité.

Ceisteanna Tábhachtacha do Dhaltaí

- **Cad é atá ag dul a tharlú?**
- **An bhfuil plean agat teannas a chruthú trí shraith eachtraí?**
- **Cé acu carachtair atá sa radharc?**
- **Cá bhfuil an t-aicsean ag tarlú i dtéarmaí thréimhse agus shuíomh an dráma?**
- **An bhfuil a lán eachtraí scoite i do shaothar atá ceangailte le chéile le téama, áit nó carachtar?**

- **An bhfuil a lán radharcanna gearra cruthaithe agat a tharlaíonn thar thréimhse fhada ama?**
- **An bhfuil sraith mionphlotaí i do shaothar?**
- **An bhfuil meascán de radharcanna tromchúiseacha agus greannmhara ann?**
- **An gcuirfidh tú an deireadh ag an tús?**

Gníomhaíocht Foghlama

- Iarr ar na daltaí an ghníomhaíocht scéalchláir a chomhlánú in aguisín 5. D'fhéadfaí seo a chruthú trí shraith grianghraf a glacadh de na daltaí i bhfrámaí reoite a cheapann an nóiméad sin ón radharc. Is féidir é a dhéanamh fosta le líníochtaí, beochaintí agus focail.
- Iarr ar na daltaí an tábla thíos a chomhlánú trí chur síos a dhéanamh ar phlota agus ar aicsean gach ceann de na radharcanna a cruthaíodh.

Mar shampla:

Radharc	Cur síos
(1) Radharc Tosaigh	Tá an Eagla ag dul sa tóir ar an Dóchas thart timpeall an stáitse agus an dú-eagla uirthi go n-osclóidh an Dóchas ceann de na boscaí. Scaoiltear na mothúcháin saor agus cuirtear na carachtair Fearg, Áthas agus Brón in aithne dúinn.

- Tabhair físcheamara isteach sna cleachtaí agus taifead radharcanna a cruthaíodh. Lig do bhaill an ghrúpa iontrálacha dialainne a chomhlánú maidir leis an dóigh a bhfuil an obair ag dul ar aghaidh, dar leo féin. Glac am sa cheacht le hamharc ar na píosaí scannánaíochta seo agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Déan réamhbhreathnú ar an ábhar le lucht féachana agus faigh tuairim sheachtrach.
- Iarr ar dhaltaí ainm na gcarachtar agus na radharcanna a scríobh ar nótaí greamacha. Spreag na daltaí le smaoineamh ar ord agus ar insint. Abair leo go neamhbhalbh nach gcaithfidh an dráma tosú ag an tús agus gur féidir ord na n-eachtraí a chur as a riocht.

(6) Tosaigh ar fhiosrú praiticiúil trí thobchumadóireacht agus turgnamhacht sa chleachtadh

- Nuair a iarrtar ar dhaltaí píosa drámaíochta a cheapadh, oibríonn siad go minic le script a chumadh a leanfaidh an grúpa ar fad. Cé go dtig leis seo a bheith iontach cuidiúil, rathúil, má dhéantar fiosrú praiticiúil, is féidir smaointe a thriail agus a thástáil sula gcuirtear ar pháipéar iad.
- I gcéim na giniúna den cheapadh, ní mór duit turgnaimh agus tobchumadóireacht a úsáid le cuidiú leat.
- Spreag na daltaí le cineálacha difriúla tobchumadóireachta a úsáid le radharcanna a chruthú.
- Is é is tobchumadóireacht ann, léiriú nó athléiriú staideanna fíora nó ficseanúla, gan script de ghnáth, cé gur féidir an spreagthach don tobchumadóireacht bheith téacs-bhunaithe. I dtobchumadóireacht, is féidir le daltaí róil a ghlacadh taobh istigh de ghrúpa agus bheith páirteach i réimse staideanna ina dtugtar faoi shraith fadhbanna ó dhearcadh eile.
- Is féidir leis an tobchumadóireacht a bheith spontáineach nó réamhullmhaithe. Bíonn daltaí ag cinnteoireacht agus ag réiteach fadhbanna agus san am chéanna, úsáideann siad scileanna na cruthaitheachta, an chomhoibrithe agus na féinbhainistíochta. Is féidir tobchumadóireacht a dhéanamh ar a lán dóigheanna, is féidir í a fhorbairt i stíleanna agus seánraí difriúla, agus is féidir í a úsáid le téacsanna a fhiosrú, réimse straitéisí agus foirmeacha eile a úsáid agus in amanna, cuirtear i láthair ar an lucht féachana í i dtaibhiú snasta. Le linn tobchumadóireachta, forbraíonn daltaí na scileanna a bhaineann le hinisnt a struchtúrú agus conclúid loighciúil a bhaint amach.

Ar na **cineálacha difriúla Tobchumadóireachta**, tá spontáineach, snasta, spléachadh siar, spléachadh ar aghaidh agus comhthreomhar.

- **Tobchumadóireacht chomhthreomhar** – cruthaíonn daltaí staid a dtiocfadh leis rith taobh leis an scéal sa téacs. Tá an staid shamhlaithe in ainm tuiscint níos fearr ar an charachtar a thabhairt don lucht féachana trína chur i staid fhicseanúil atá féideartha agus réalaíoch. Ba chóir an tobchumadóireacht chomhthreomhar a struchtúrú agus tús, lár agus deireadh soiléir a bheith uirthi.
- **Tobchumadóireacht le spléachadh siar agus spléachadh ar aghaidh** – Agus iad ag tosú le staid áirithe ón téacs, tógann na daltaí carachtar isteach san am atá thart nó san am atá le teacht i staid shamhlaíoch tobchumtha le tuiscint agus mothú an charachtair sin a shíneadh.

Gníomhaíocht Foghlama

- Sraith de chluichí tobchumadóireachta a imirt le cuidiú leis na daltaí a muinín a thógáil maidir le smaoineamh ar an láthair agus iad ag forbairt plota agus carachtair. Seo thíos liosta de na cluichí tobchumadóireachta a d'fhéadfadh a bheith úsáideach i gceachtanna.
- Iarr ar dhaltaí iontráil dialainne a chomhlánú ag léiriú éifeachtúlacht na gcluichí tobchumadóireachta a úsáidtear i bhforbairt plota agus carachtair.
- I ndiaidh don fhiosrú phraiticiúil tarlú, tá freagracht ar gach ball den ghrúpa script a scríobh don radharc a cruthaíodh.

Cluichí Tobchumadóireachta

Ainm an Chluich	Cur síos	Cuspóir
Binse sa Pháirc	Cuireann an múinteoir binse páirce ar an ardán. Tugann an múinteoir cuireadh do bheirt nó triúr de na daltaí suí ar an bhinse. Scairteann an múinteoir 'aicsean' agus oibríonn na daltaí le píosa tobchumadóireachta a chruthú. Nuair a scairteann an múinteoir 'reoigí', ní mór dóibh fanacht mar a bhfuil siad. Iarrann an múinteoir ar dhaltaí eile dul isteach sa staid chéanna a raibh siadsan ann agus radharc iomlán nua a chruthú le plota agus carachtair dhifriúla.	Scileanna tobchumadóireachta agus scéalaíochta a fhorbairt.
Iontais aon líne	Iarr ar dhaltaí bogadh thart sa spás. Scairteann an múinteoir 'reoigí!' Ní mór do dhaltaí páirtnéir a aimsiú. Tugann an múinteoir abairt tosaigh do na páirtnéirí le délóg a cheapadh.	Scileanna tobchumadóireachta agus scéalaíochta a fhorbairt.
Ciorcal scéalaíochta	Iarrtar ar dhaltaí suí i gciorcal ar an urlár. Tosaíonn an múinteoir scéal agus fágann sé gan réiteach é. Cuirtear an scéal ar aghaidh thart ar an chiorcal agus moltar do dhaltaí cur síos a chur leis an scéal bunaidh.	Scileanna tobchumadóireachta agus scéalaíochta a fhorbairt.

(7) Ról agus carachtar a fhorbairt trí smaointe cleachtaidh

- Is é an dúshlán a bhaineann le píosa dráma ceaptha a chruthú ná go bhfuil gach rud nua, na carachtair san áireamh. Is minic nach gcaitear go leor ama le cúlra a chruthú do na carachtair. Tá smaointe cleachtaidh éifeachtach maidir le fadhbanna tábhachtacha a fhiosrú ón téacs agus cúlra agus próifíl a thógáil do na carachtair.
- Réimse de smaointe cleachtaidh a úsáid a bhí fiosraithe in EC3 le cuidiú leo carachtrú a fhorbairt.
- Cleachtadh ról ar an bhalla a chomhlánú ina bhfiosraítear na tosca atá ag an charachtar;
  - **cé mise?**
  - **cá háit a bhfuil mé?**
  - **cá huair atá sé ag tarlú?**
  - **cá háit go díreach a bhfuil mé ag teacht?**
  - **cad é atá uaim? (Spriocanna)**
  - **cad é mar a gheobhaidh mé an rud atá uaim?**

Seo cuid de na smaointe don chleachtadh;

Sa tsuíochán the

Cuireann baill eile den rang ceisteanna ar charachtar agus freagraíonn an carachtar sa ról. Freagraíonn an dalta na ceisteanna ina ról mar an carachtar a roghnaíodh. An straitéis seo, doimhníonn sí creideamh agus tuiscint an róil.

Fráma Reoite

Is é is fráma reoite ann, pictiúr socair a fhaightear go tobann trí aicsean an dráma a stopadh ag nóiméad ar leith. B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na daltaí machnamh a dhéanamh agus iad go fóill sa ról maidir le brí an nóiméid áirithe sin sa dráma. Ní mór do na daltaí bheith ábalta smaoineamh, mothú agus freagairt mar a bheadh an carachtar ann. Fráma reoite, tá sé cosúil le grianghraf den aicsean.

Tableau

Cruthaíonn na daltaí íomhá shocair a léiríonn nádúr domhain staide, caidrimh nó eachtra. B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar an ghrúpa atá á chur i láthair nó ar dhaltaí eile machnamh air agus trácht air. D'fhéadfadh sé bheith i bhfoirm réalaíoch nó shiombalach agus tá sé ar nós olaphictiúir.

Rianú smaointe

Iarrtar ar dhaltaí, ina róil, a rá cad é atá ar a n-intinn nó cad é a mhothaíonn siad ag pointe áirithe sa dráma nó sa fhráma reoite nó sa tableau. B'fhéidir go bhfiafrófaí de dhaltaí eile cad é atá an carachtar ag smaoineamh ag an phointe sin.

Caolsráid coinsiasa

Is foirm rianaithe smaointe é ina bhfoirmíonn na daltaí dhá líne os comhair a chéile amach. Ag nóiméad áirithe sa dráma, bogann carachtar síos an chaolsráid agus insíonn gach dalta ar a sheal na smaointe nó na mothúcháin atá i gcroí an charachtair. Is féidir na línte a scaradh ina smaointe dearfacha agus diúltacha agus is féidir freagairtí a thaifeadadh le cuidiú le scríobh an phíosa cheaptha.

Malartú ról

Malartaíonn daltaí róil lena chéile le ligean dóibh taithí a fháil ar dhearcadh malartach agus le taithí a fháil ar mhothúcháin agus ar smaointe an charachtair eile.

Dúbailt

Is féidir le ball amháin den ghrúpa comhdhalta atá ina ról a leanúint mar 'scáil.' Nuair a thugtar comhartha ar leith, cuireann an "scáil" in iúl an rud atá ar intinn an charachtair.

Aicmiú

Cuireann daltaí i ngrúpa iad féin in ord ar leith mar dhóigh le carachtar a fhiosrú. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh siad in ord ón duine is óige go dtí an duine is sine sa dráma, nó an duine is fearr go dtí an duine is measa, an duine is freagraí go dtí an duine is lú freagracht srl.

Aistriú Carachtar

Aistrítear carachtar go dtí staid eile seachas an ceann atá á forbairt sa téacs. Fanann an dalta ina ról le tobchumadóireacht a dhéanamh ar dhialóg don staid nua. Ligeann sé seo don charachtar cúlra a charnadh agus smaointeoireacht agus mothúcháin nua a fhorbairt don pháirt atá á déanamh. Trí fhorbairt a dhéanamh ar an tobchumadóireacht, d'fhéadfaí cur leis le hobair chleachtaidh mar spléachadh siar nó spléachadh ar aghaidh.

Hata an tsaineolaí

Is é an ghné is tábhachtaí den straitéis seo ná go bhfuil na daltaí 'sa ról' mar charachtair le saineolas atá ábhartha don staid ina bhfuil siad. San fhoirm is glaine, tá cur chuige maidir le teagasc agus foghlaim atá iomlánaíoch agu mar sin de, traschuraclaim de dhíth ar 'Hata an tSaineolaí'. Nuair a thugtar saineolas do dhaltaí, spreagann sin iad agus tugann sé cumhacht araon dóibh.

Rolla ar an bhalla

Coinnítear taifead ar charachtar i bhfoirm imlíne mhór d'fhigiúr ina dtiocfadh le daltaí línte, frásaí, smaointe nó mothúcháin thábhachtacha faoin charachtar a scríobh. Coinnítear an imlíne agus déantar atheagarthóireacht uirthi de réir mar a fhaigheann daltaí níos mó amach faoin charachtar.

Scáileán roinnte nó Idirghearradh

Cuireann daltaí dhá radharc nasctha i láthair agus malartaíonn siad an t-aicsean ó cheann amháin go dtí an ceann eile ar fud an taibhithe. Anseo, tugtar deis don lucht féachana carachtar agus eachtraí araon a chur i gcomparáid agus codarsnacht a dhéanamh eatarthu.

Amharclannaíocht Fóraim

Déanann grúpa daltaí radharc don lucht féachana. Amharcann an lucht féachana ar an radharc mar 'stiúrthóirí'. Thig leo moltaí a thabhairt, ceisteanna a chur agus treoracha a thabhairt do na daoine atá ag tabhairt an taibhithe le cúrsa an aicsin a athrú agus/nó le torthaí malartacha a fhiosrú.

Caint chórúil

Déantar téacs scríofa a scaradh ina chodanna agus déanann grúpa é a rá. Ba chóir go ndéanfadh an chaint chorúil trácht ar an bhuntéacs, nó é a fhorbairt, seachas scoilteanna na línte nó dáileadh na línte ar charachtair ar leith a leanúint go docht.

Cór

Agus iad ag obair mar ghrúpa níos mó, aithrisíonn na daltaí focail in éineacht le chéile le gothaí agus/nó gníomhaíochtaí á dtionlacan. Dearadh an cór le trácht a dhéanamh ar aicsean an dráma agus déanann sé naisc chuí le deasghnátha lena ndéantar focail, fuaimeanna agus gothaí roinnt uaireanta.

Comhráite gutháin

Agus iad ag obair i bpéirí, roinneann daltaí nuacht agus/nó forbairtí sa scéal trí chomhrá gutháin. Bíonn daltaí ina suí droim le droim ionas go bhfuil an bhéim ar labhairt agus ar éisteacht seachas aicsean nó cur in iúl fisiceach.

Agallaimh/ceistiú

Déanann 'tuairisceoirí' agallaimh a chur ar charachtair nó cuireann figiúr údarásach ceisteanna orthu lena gcuspóirí, luachanna agus gcreidimh a cheistiú nó le níos mó fíricí a fháil faoi staid áirithe.

- Spreag daltaí le gutháin phóca, iPad agus táibléid a úsáid le radharcanna a tharla sa chleachtadh a thaifeadadh. Tabhair am don ghrúpa amharc ar an taifeadadh den radharc agus aiseolas a thabhairt. Iarr ar dhaltaí machnaimh a dhéanamh ó lá go lá agus iontrálacha dialainne a choinneáil de na rudaí a bhí rathúil agus na rudaí nach raibh agus an dóigh ar sháraigh siad fadhbanna. Cuideoidh seo le hanailís agus luacháil an phróisis i logaí ceaptha na ndaltaí.
- Taifead smaointe ullmhúcháin agus forbartha in Iontráil Dialainne Ceaptha, aguisín 6.
- Lig dóibh smaointe deartha a úsáid, mar TFC m.sh. PowerPoint/soilsiú/fuaim le láithreoireachtaí a fheabhsú.

Gníomhaíocht Foghlama

Iarr ar dhaltaí **Aguisín 6 a** chomhlánú – Iontrálacha Dialainne Ceaptha. Iarr ar dhaltaí machnaimh a chomhlánú faoi éifeachtúlacht na modhanna cleachtaidh a d'úsáid siad lena gcarachtar a fhorbairt. Sonraigh an dóigh ar fhorbair na smaointe cleachtaidh a ról don lucht féachana, go háirithe an dóigh ar fhorbair siad líne ar leith nó nóiméad ar leith den dráma.

(8) An Taibhiú a Mhínchóireáil

Tá an chéim dheiridh den phróiseas cheaptha thar a bheith tábhachtach, mar caithfidh na daltaí an t-ábhar atá cruthaithe acu a luacháil agus measúnú a dhéanamh ar rath na stíle a roghnaigh siad agus ar inneachar an tsaothair a chruthaíodh.

Ná bíodh eagla ort obair a chaitheamh amach nach bhfuil rathúil nó codanna a bhfuil forbairt uathu a athdhéanamh. Ná déan dearmad gur féidir athruithe a dhéantar ar radharc amháin dul i bhfeidhm ar chinn eile, agus seans go mbeadh ort coigeartuithe a dhéanamh.

- **Déan athbhreithniú ar thaifid de do chleachtaí agus féach ar chóir cuid ar bith den bhunábhar a chur isteach sa phíosa chríochnaithe;**
- **Seiceáil an bhfuil cuid ar bith den obair nach ndearnadh go leor cleachtaidh uirthi;**
- **Déan cleachtadh agus cuir snas ar an tsaothar go dtí go bhfuil sé foirfe;**
- **Déan an píosa os comhair lucht féachana réamhléirithe;**
- **Forbair an saothar i ndiaidh aiseolas a fháil ón lucht féachana réamhléirithe.**

Cibé roghanna a rinneadh maidir le hinneachar, stíl, foirm agus struchtúr, is den tábhacht go leor ama a chaitheamh ag mínchóireáil an taibhithe. Seo an chéim nuair a oibríonn daltaí ar na scileanna praiticiúla dá dtaibhiú lánfhoirmithe a ghéarú.

Ba chóir na haidhmeanna agus cúspóirí bunaidh a úsáid mar threoir leis na roghanna gutha, gluaiseachta agus spásúla a shnasú.

Nuair a chruthaítear script de thaibhiú, is féidir leis bheith iontach úsáideach le daltaí a fhócasú ar a dtaibhiú agus ar na rudaí atá siad ag iarraidh a chur in iúl don lucht féachana. Le cur leis an script, d'fhéadfá úsáid a bhaint as físthaifeadadh de na taibhithe is déanaí.

Ní mór do dhaltaí machnamh ar an dóigh a dtacaíonn a roghanna gutha agus gluaiseachta lena n-aidhmeanna agus a gcuspóirí, chomh maith leis an dóigh a socraíonn siad carachtar, áit, téama agus smaoineamh. Nuair atá guth agus gluaiseacht i gcodarsnacht le ciall na bhfocal atá á rá nó na gnáthnósanna socraithe, cruthaíonn sin brí chasta agus teannas agus drámaíocht mar gheall air sin. Caithfidh daltaí cinntí cúramacha a dhéanamh agus smaoineamh i gcónaí ar an chodarsnacht a léiriú.

Gníomhaíocht Foghlama

Iarr ar an lucht féachana amharc ar an taibhiú cheaptha. Iarr ar an lucht féachana leatháin aiseolais a chomhlánú lena dtuiscint agus a n-eispéireas ar an taibhiú a sheiceáil. Iarr ar dhaltaí féinluacháil agus piarluacháil ar a n-obair féin agus ar obair daoine eile a chomhlánú.

Ceisteanna Tábhachtacha do Dhaltaí

- **An bhfuil plota suimiúil agat?**
- **An bhfuil carachtair inchreidte nó steiréitíopaí inaitheanta agat?**
- **An bhfuil suíomh inchreidte/suíomh macasamhlach fóirsteanach agat ann?**
- **An bhfuil timpeallacht fhóirsteanach dhrámatúil ann?**
- **An dtógann an píosa teannas drámatúil?**
- **An bhfuil éagsúlacht sa luas?**
- **An bhfuil an dialóg agus an teanga ann inchreidte?**
- **An bhfuil an píosa fócasaithe agus snasta?**
- **An bhfuil trasdulta líofa ann?**
- **An struchtúr dea-chumtha, comhsheasmhach ann agus deireadh fóirsteanach leis?**
- **Ar chruthaigh sibh eispeireas amharclannaíochta don lucht féachana trí réimse de ghnéithe léirithe, lena n-áirítear Soilsiú, Seit, Fuaim agus Ilmheáin?**
- **An bhfuil stíl amharclannaíochta atá sainithe go soiléir ann?**
- **Ar cuireadh ciall in iúl do do lucht féachana?**

(9) An Taibhiú a Chleachtadh

- Ní mór am a chur i leataobh le snas agus barr maise a chur ar an taibhiú dheiridh. Ba chóir do seo bheith fócasaithe ar an taibhiú a dhéanamh mín, in áit mórathraithe a dhéanamh ar an phíosa.
- Bain úsáid as an am seo le gnéithe teicniúla a chomhcheangal ann. D'fhéadfadh sé seo a bheith ó dhaltaí deartha nó ó bhaill eile den ghrúpa taibhithe.
- Níor chóir fuaim, ceol ná soilsiú a chur leis mura bhfuil sin ag tacú le hobair na n-aisteoirí.
- Roinnt iarrthóirí, déanfar measúnú orthu ar an dearadh a rinne siad in áit an taibhithe, agus caithfidh na hiarrthóirí seo bheith iomlán páirteach sa phróiseas cheaptha agus a chinntiú go bhfuil an méid a dhéanann siadsan ag comhlánú smaointe, stíle agus seánra na n-iarrthóirí taibhithe.
- Mura bhfuil iarrthóir deartha ann, ní chaithfidh na hiarrthóirí taibhithe díriú ar ghnéithe teicniúla a dhéanfadh dochar dá dtaibhiú marcáilte.

Gníomhaíocht Foghlama

- Déan do chuid smaointe deiridh os comhair lucht féachana trialach agus glac le haiseolas.

(10) An Taibhiú

Is féidir leis an chéim deiridh a bheith scanrúil, lán le hamhrais agus le ceisteanna maidir leis an phíosa. An oibreoidh sé? An dtiocfaidh sé le chéile? Bain úsáid as an dóigh a bhfuil gach duine ar bís agus corraithe agus as an aiseolas dheimhneach le gach duine a spreagadh agus le do chuid oibre a thaispeáint.

Gníomhaíocht Foghlama

Comhlánaigh féinluacháil den taibhiú Cheaptha agat. Tabhair mionchuntas ar na láidreachtaí a bhí agat agus ar na rudaí a dtiocfadh leat iad a fhorbairt. Cuideoidh seo i do thaibhiú scriptithe.

Ná déan dearmad go gcaithfear an obair seo a thaifeadadh agus a chur isteach chuig CCEA roimh an dáta atá sonraithe.

Liosta Aguisíní

Aguisín 1 – Leathán Freagartha ar an Spreagthach – an Spriocphobail

Aguisín 2 – Leathán Freagartha ar an Spreagthach – Téama

Aguisín 3 – Leathán Freagartha ar an Spreagthach –Tionchair Ealaíne

Aguisín 4 – Léarscáil Intinne a Cheapadh

Aguisín 5 – Scéalchlár a Chumadh

Aguisín 6 – Iontrálacha Dialainne don Cheapadh

Aguisín 7 – Proforma Athbhreithnithe don Amharclannaíocht Bheo (Tionchair na gCleachtas Gairmiúil i dTaibhiú)

Aguisín 8 – Forbairt Smaointe ó Thaighde agus ó Chleachtas Gairmiúil

Aguisín 9 – Coincheap Proforma don Taibhiú Cheaptha

Aguisín 10 – Cleachtas Gairmiúil

Aguisín 11 – Leabharliosta

Aguisín 1 – Leathán Freagartha ar an Spreagthach – Téama

Téama _____

Priontáil íomhánna atá ag baint leis an téama ainmnithe sa spreagthach réamheisiúna agus cuir sa bhosca thíos

Freagairt tosaigh ar théama _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Aguisín 2 – Leathán Freagartha ar an Spreagthach – Tionchair Liteartha

Tionchar Liteartha _____

Priontáil íomhánna atá ag baint leis an tionchar liteartha atá ainmnithe sa spreagthach réamheisiúna agus cuir sa bhosca thíos

Freagairt tosaigh ar thionchar liteartha _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Aguisín 3 – Leathán Freagartha ar an Spreagthach – Tionchair ealaíonta

Tionchar Ealaíne _____

Priontáil íomhánna atá ag baint leis an tionchar ealaíne ainmnithe sa spreagthach réamheisiúna agus cuir sa bhosca thíos

Freagairt tosaigh ar íomhánna _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Aguisín 4 – Léarscáil Intinne a Cheapadh



Aguisín 5 – Scéalchlár

(1)	**(2)**	**(3)**
(4)	**(5)**	**(6)**
(7)	**(8)**	**(9)**
(10)	**(11)**	**(12)**

Aguisín 6 – Iontráil Dialainne don Dráma Cheaptha

TASC

Comhlánaigh iontráil sheachtainiúil dialainne de na ceachtanna praiticiúla dráma. Ba chóir go mbeadh d'iontrálacha dialainne fócasaithe ar an obair a cruthaíodh i gceachtanna. Níor chóir duit cur síos lom a dhéanamh i do chuid iontrálacha ach ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar na rudaí a ghnóthaigh tú ón chleachtadh, ó na cúrsaí nó ón amharclannaíocht bheo ar fhreastail tú uirthi le linn do chuid staidéir.

CRITÉIR RATHA

- Cuir síos go gairid ar an tasc socruithe don cheacht
- Scríobh d'iontráil dialainne sa chéad phearsa
- Cuir síos ar an ionchur a bhí agat sa phróiseas dráma a cheapadh
- Cuir síos go mionchruinn ar an méid a ghnóthaigh tú ón chleachtadh
- Cuir síos ar an spreagthach agus ar na scripteanna a úsáideadh
- Cuir síos go mionchruinn ar chuid den aiseolas a fuair tú ó do mhúinteoir agus ó dhaltaí eile
- Scríobh in abairtí iomlána
- Struchtúraigh do chuid oibre ina bparagraif
- Comhlánaigh seicliosta *COPS*

A Dhialann, a chara

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Aguisín 7: Proforma Athbhreithnithe don Amharclannaíocht Bheo (Tionchair na gCleachtas Gairmiúil i dTaibhiú)

Ainm an Dráma: _____

Drámadóir: _____

Áit: _____

Dáta: _____

Cad é a raibh tú ag dúil leis an dráma a bheith faoi ón teideal, ón phóstaer agus ón fhaisnéis a thug do mhúinteoir duit?

_____

_____

_____

_____

Cad é faoi a raibh an dráma?

_____

_____

_____

_____

Cuir síos ar sheit an dráma.

_____

_____

_____

_____

Cuir síos ar an feisteas/na feistis a chaith an t-aisteoir agus an fáth ar roghnaíodh iad, dar leat.

_____

_____

_____

_____

Cuir síos ar na fearais stáiste a úsáideann aisteoir agus mínigh cad chuige ar roghnaíodh iad, dar leat.

_____

_____

_____

_____

Cuir síos ar an dóigh ar úsáideadh soilsiú agus fuaim sa taibhiú.

_____

_____

_____

_____

Cad é a shíl tú de na scileanna aisteoireachta a léirigh an t-aisteoir/na haisteoirí le linn an taibhithe?

_____

_____

_____

_____

Cad é an nóiméad is fearr a thaitin leat sa taibhiú agus cad chuige?

_____

_____

_____

_____

Cuir síos ar an eispéireas a bhí agat den taibhiú seo.

_____

_____

_____

_____

Aguisín 8 – Smaointe a Fhorbairt ó Thaighde agus ó Chleachtas Gairmiúil

Le linn fhorbairt mo Dhráma Ceaptha, d'fhreastail mé ar roinnt píosaí éagsúla d'amharclannaíocht bheo agus d'amharc mé ar roinnt píosaí a bhí taifeadta. D'imir seo tionchar ollmhór ar stíl agus ar stáitsiú na Dráma Ceaptha s'agam. Seo thíos anailís agus luacháil ar dhá phíosa obair amharclannaíochta a chuir mé isteach agus ar bhain mé tionchar uathu le mo Dhráma Cheaptha a chruthú.

Smaoineamh a hAon: _____

Teideal an tSaothair: _____

Foinse: _____

Smaoineamh a hAon: _____

Teideal an tSaothair: _____

Foinse: _____

Aguisín 9 – Coincheap Proforma don Taibhiú Cheaptha

Spreagthach a Roghnaíodh:

_____

_____

_____

_____

_____

Stíl/Seánra a Roghnaíodh:

_____

_____

_____

_____

_____

Riachtanais Taibhithe:

_____

_____

_____

_____

_____

Tionchar ar an Lucht Féachana:

_____

_____

_____

_____

_____

Aguisín 10 – Cleachtas Gairmiúil

Kneehigh Theatre Company

Is compántas amharclannaíochta iad *Kneehigh* atá bunaithe i gCorn na Breataine a bhfuil próifíl áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta acu. Insíonn siad scéalta agus cruthaíonn siad amharclannaíocht daonnachta ar scála eipiciúil agus ar scála níos lú. Oibríonn siad le grúpa aisteoirí, ealaíontóirí, teicneoirí, riarthóirí, déantóirí agus ceoltóirí a bhíonn ag síorathrú, agus tá siad paiseanta faoin phróiseas chruthaitheach ildisciplíneach.

Suíomh gréasáin: http://www.kneehigh.co.uk/
Youtube Channel: https://www.youtube.com/channel/UCnS8BedfdJrbJcmhydeF3Rg?sub_confirmation=1

Forced Entertainment

Thosaigh *Forced Entertainment* a obair le chéile in 1984. Tá saothair thaibhithe cruthaithe acu, suiteálacha gailearaí, píosaí do shuíomh ar leith, leabhair, comhoibrithe grianghrafadóireachta, físeáin agus fiú turas treoraithe mioscaiseach bus.

Suíomh gréasáin: http://www.forcedentertainment.com/
Youtube Channel: https://www.youtube.com/user/ForcedEntertainment

Frantic Assembly

Is compántas amharclannaíochta *Frantic Assembly* a bhfuil clú idirnáisiúnta orthu, a spreagann cleachtas nuálaíoch agus a nochtann acmhainn chruthaitheach. Nuair a thosaigh an compántas, bhí dúil acu rud éigin iomlán difriúil a dhéanamh. Tá sé ráite acu go mbaineann a gcuid oibre le bheith ag obair le chéile agus ag foghlaim óna chéile, 'bhí níos mó i gceist le *frantic assembly* i gcónaí ná an saothar ar an stáitse. Baineann sé le heiteas chomhoibriú an chumhachtaithe, an dúil shíoraí sin le feabhas a dhéanamh. Baineann sé le scéalta a insint i nguth nach gcluintear i gcónaí agus tallann a fháil in áiteanna nach n-amharctar i gcónaí iontu. Thar na blianta chuidigh modh *Frantic* den Amharclannaíocht Cheaptha le daoine tuiscint a fháil agus obair a dhéanamh ar fud an domhain.'

Suíomh gréasáin: https://www.franticassembly.co.uk/
Youtube Channel: https://www.youtube.com/user/franticassembly

Kabosh Theatre Company

Tá *Kabosh* tiomanta do dhúshlán a thabhairt do shean-nóisin na hamharclannaíochta agus an áit a dtarlaíonn sí. Is é is aidhm leis an chompántas na dóigheanna a insítear scéala a athchumadh, scríbhneoireacht úr a choimisiúnú agus obair a cheapadh do thimpeallachtaí a bhaineann le háit ar leith agus do shuiteálacha. Cruthaíonn *Kabosh* amharclannaíocht chorraitheach i suíomhanna éagsúla. Cruthaíonn *Kabosh* insint spéisiúil ag úsáid scéalta agus stair áitiúil le drámaí a chruthú a rianaíonn an dóigh a bhfuil Tuaisceart Éireann ag éabhlóidiú.

Suíomh gréasáin: http://www.kabosh.net/
YouTube Channel: https://www.youtube.com/user/FinnKabosh

Gníomhaíocht Foghlama

- Iarr ar dhaltaí amharc ar shaothar dhá chompántas amharclannaíochta.
- Comhlánaigh an léirmheas ar amharclannaíocht bheo in aguisín 8 a chomhlánú, ag tógáil nótaí ón chleachtas gairmiúil ar amharc na daltaí air.
- Iarr ar dhaltaí dhá smaoineamh a roghnú ó gach ceann de na taibhithe agus aguisín 8 a chomhlánú, ag cur síos ar an dóigh a ndeachaigh na smaointe a tógadh i bhfeidhm ar do shaothar ceaptha.
- Cuir na smaointe i bhfeidhm agus forbair nóiméid de do dhráma ceaptha ón chleachtas gairmiúil ar amharc tú air.

Aguisín 11 – Leabharliosta

Suíomhanna gréasáin

http://www.bbc.co.uk/education/guides/zg9x34j/revision

http://dramaresource.com/devising-theatre/

http://www.kabosh.net/

https://www.franticassembly.co.uk/

http://www.kneehigh.co.uk/

Leabhair

Berry, Cicely, (2008) *From Word to Play: a Handbook for Directors* (*Oberon Books*, 2008)

Berry, Cicely, (2001) *Text In Action: A Definitive Guide To Exploring Text In Rehearsal For Actors And Directors,* 1ú Eagrán (Londain: *Virgin Books*)

Berry, Cicely, (2000) *The Actor And The Text*, Eagrán Nua (Londain: *Virgin Books*)

Boal, Augusto, (1992) *Games for Actors and Non-actors,* athchló (Londain; Nua-Eabhrac: *Routledge*)

Caldarone, Marina, (2004) *Actions: The Actors' Thesaurus* (Londain: *Nick Hern*) Sasana; Nua-Eabhrac: *Palgrave School, Print UK*, 2008)

Goldman, Lisa, (2012) *The No Rules Handbook for Writers* (Londain: *Oberon Books Ltd.,* 2012)

Govan, Emma, Helen Nicholson, agus *Katie Normington*,(2007) *Making a Performance: Devising Histories and Contemporary Practices*, Eagrán Nua (Londain; Nua-Eabhrac: *Routledge*)

Graham, Scott, agus *Steven Hoggett,* (2014) *The Frantic Assembly Book of Devising Theatre*, 2ú Eagrán (*Abingdon, Oxon: Routledge*)

Heddon, Deirdre, agus *Dr Jane Milling,* (2005) *Devising Performance: A Critical History* (*Basingstoke* Sasana; Nua-Eabhrac: *Palgrave Macmillan*)

Mermikides, Dr Alex, agus *Dr Jackie Smart* (2010) *Devising in Process* (*Basingstoke, Hampshire* Sasana; Nua-Eabhrac: *Palgrave Macmillan*)

Oddey, Alison, (1996) *Devising Theatre: A Practical and Theoretical Handbook*, Eagrán Nua (Londain; Nua-Eabhrac: *Routledge*)

Robinson, Davis, (2015) *A Practical Guide to Ensemble Devising* (Londain; Nua-Eabhrac: *Palgrave Macmillan*)

Swale, Jessica, (2012) *Drama Games for Devising* (Londain: *Nick Hern Books*)

© CCEA 2019